Ceisteanna Molta ar Fhoghlaim chumaisc

Ceisteanna Molta ar Fhoghlaim chumaisc

Sa doiciméad seo gheobhaidh tú roinnt ceisteanna chun cabhrú le do phobal scoile machnamh a dhéanamh ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh foghlama cumaisc.

Más mian leat cuid de na ceisteanna seo a chur leis an gceistneoir is féidir leat iad a chóipeáil agus a ghreamú sa chuid “Do ráitis féin” sa chuid “Cuir an ceistneoir in oiriúint”

Teideal an ruda	CEANNAIRE SCOILE	MÚINTEOIR	DALTA
Úsáid éifeachtach na dTimpeallachtaí Fíorúla Foghlama	**Tá príomhardán digiteach nó spás digiteach ann ar a mbíonn daltaí i dteagmháil lena múinteoirí agus ar a n-aimsíonn siad cleachtaí, gníomhaíochtaí, sceideal agus acmhainní** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-úsáideann tú Timpeallacht Foghlama Fhíorúil nó Córas Bainistithe Inneachair ar bhealach dea-eagraithe agus cothrom le dáta chun cabhrú le hidirghníomhaíocht agus cumarsáid idir múinteoirí agus daltaí i do scoil. Tá seans ann go ndéanfaí daltaí a threorú uaidh seo go bogearraí agus acmhainní eile	**Tá príomhardán digiteach nó spás digiteach ann ar féidir le daltaí cleachtaí, gníomhaíochtaí, sceideal agus acmhainní a aimsiú agus cumarsáid a dhéanamh liom** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-úsáideann tú Timpeallacht Foghlama Fhíorúil nó Córas Bainistithe Inneachair ar bhealach dea-eagraithe agus cothrom le dáta chun cabhrú le nascleanúint, le hidirghníomhaíocht agus le cumarsáid idir múinteoirí agus daltaí. Tá seans ann go ndéanfaí daltaí a threorú uaidh seo go bogearraí agus acmhainní eile	**Tá spás digiteach ann ar féidir liom cleachtaí, gníomhaíochtaí, sceideal agus acmhainní a aimsiú agus cumarsáid a dhéanamh le mo mhúinteoirí** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfuil spás ar líne i do scoil atá dea-eagraithe agus a choinnítear cothrom le dáta ionas go mbíonn tú in ann cleachtaí, gníomhaíochtaí, sceideal agus acmhainní a aimsiú agus cumarsáid a dhéanamh le do mhúinteoirí

Teideal an ruda	CEANNAIRE SCOILE	MÚINTEOIR	DALTA
Bainistiú ama	**Foghlaimíonn daltaí inár scoil faoin mbealach lena n-am a bhainistiú ag úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfuil deiseanna ag daltaí foghlaim faoin mbainistiú ama – ar scoil agus sa bhaile – ag úsáid teicneolaíochta digiteacha amhail féilirí comhroinnte, nó uirlisí pleanála chun sceideal oibre a leagan amach, sosanna a ghlacadh, an t-am a chaitheann siad ag féachaint ar scáileán a bhainistiú agus le díriú ar an ábhar.	**Foghlaimíonn daltaí inár scoil faoin mbealach lena n-am a bhainistiú ag úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfuil deiseanna ag daltaí foghlaim faoin mbainistiú ama – ar scoil agus sa bhaile – ag úsáid teicneolaíochta digiteacha amhail féilirí comhroinnte, nó uirlisí pleanála chun sceideal oibre a leagan amach, sosanna a ghlacadh, an t-am a chaitheann siad ag féachaint ar scáileán a bhainistiú agus le díriú ar an ábhar.	**Foghlaimímid inár scoil faoin mbealach is fearr lenár n-am a bhainistiú ag úsáid na dteicneolaíochtaí digiteacha** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfuil deiseanna agat chun foghlaim faoin mbealach a n-úsáidtear féilirí comhroinnte agus uirlisí pleanála le haghaidh tascanna chun sceideal a leagan amach le haghaidh d'oibre scoile, sosanna a ghlacadh, an t-am a chaitheann tú ag féachaint ar scáileán a bhainistiú agus le díriú ar d'obair nuair atá tú ar scoil agus sa bhaile
AN FHÉINFHOGHLAIM: Cabhair a iarradh leis an bhfoghlaim	**Foghlaimíonn daltaí inár scoil faoin mbealach a n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha le hiarraidh ar chabhair nuair a bhíonn deacrachtaí acu leis an bhfoghlaim** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfoghlaimíonn daltaí faoin mbealach le teicneolaíochtaí digiteacha (ríomhphost, postálacha i gcomhráite, teachtaireachtaí) a úsáid le hiarraidh ar chabhair leis an bhfoghlaim: e.g. cad é an uirlis is oiriúnaí le húsáid gach uair, conas an cheist cheart a chur, cé air ar cheart an cheist a chur	**Foghlaimíonn daltaí inár scoil faoin mbealach a n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha le hiarraidh ar chabhair nuair a bhíonn deacrachtaí acu leis an bhfoghlaim** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfoghlaimíonn daltaí faoin mbealach le teicneolaíochtaí digiteacha (ríomhphost, postálacha i gcomhráite, teachtaireachtaí) a úsáid le hiarraidh ar chabhair leis an bhfoghlaim: e.g. cad é an uirlis is oiriúnaí le húsáid gach uair, conas an cheist cheart a chur, cé air ar cheart an cheist a chur	**Foghlaimímid inár scoil faoin mbealach a n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha le hiarraidh ar chabhair nuair a bhíonn deacrachtaí againn leis an bhfoghlaim** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfoghlaimíonn tú faoin mbealach le teicneolaíochtaí digiteacha a mholann do scoil (ríomhphost, postálacha i gcomhráite, teachtaireachtaí, etc.) a úsáid le hiarraidh ar chabhair nuair a bhíonn deacrachtaí agat leis an bhfoghlaim: e.g. foghlaimíonn tú faoin uirlis is oiriúnaí le húsáid gach uair, cé air ar cheart an cheist a chur agus conas an cheist cheart a chur.

Teideal an ruda	CEANNAIRE SCOILE	MÚINTEOIR	DALTA
AN FHÉINFHOGHLAIM: Cabhair a iarraidh le cúrsaí teicneolaíochta	**Foghlaimíonn daltaí inár scoil faoin mbealach a n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha le hiarraidh ar chabhair nuair a bhíonn deacrachtaí acu leis na bogearraí/aipeanna a úsáideann a múinteoirí** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfoghlaimíonn daltaí faoin mbealach le teicneolaíochtaí digiteacha (ríomhphost, postálacha i gcomhráite, teachtaireachtaí) a úsáid le hiarraidh ar chabhair nuair a úsáideann siad bogearraí nó aipeanna dá bhfoghlaim. D'fhéadfaí a áireamh leis sin: conas cur síos a dhéanamh ar an bhfadhb, cad é an modh nó an cainéal is fearr le húsáid, conas thromchúis nó práinne na faidhbe a chur in iúl.	**Foghlaimíonn daltaí inár scoil faoin mbealach a n-úsáidtear teicneolaíochtaí digiteacha le hiarraidh ar chabhair nuair a bhíonn deacrachtaí acu leis na bogearraí/aipeanna a úsáidim** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfoghlaimíonn daltaí faoin mbealach le teicneolaíochtaí digiteacha (ríomhphost, postálacha i gcomhráite, teachtaireachtaí) a úsáid le hiarraidh ar chabhair nuair a úsáideann siad bogearraí nó aipeanna dá bhfoghlaim. D'fhéadfaí a áireamh leis sin: conas cur síos a dhéanamh ar an bhfadhb, cad é an modh nó an cainéal is fearr le húsáid, conas thromchúis nó práinne na faidhbe a chur in iúl.	**Foghlaimím inár scoil faoin mbealach a n-úsáidtear uirlisí digiteacha le hiarraidh ar chabhair nuair a bhíonn deacrachtaí agam leis na bogearraí/aipeanna a úsáideann mo mhúinteoir** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfoghlaimíonn tú faoin mbealach le teicneolaíochtaí digiteacha a mholann do scoil (ríomhphost, postálacha i gcomhráite, teachtaireachtaí, etc.) a úsáid le hiarraidh ar chabhair nuair a bhíonn deacrachtaí agat leis na bogearraí/aipeanna a úsáideann do mhúinteoir. Ciallaíonn sé sin go bhfoghlaimíonn tú faoin mbealach le cur síos a dhéanamh ar an bhfadhb, faoin modh nó cainéal is fearr le húsáid, faoin mbealach le tromchúis nó práinn na faidhbe a chur in iúl.
AN FHÉINFHOGHLAIM: Acmhainneacht	**Úsáideann múinteoirí inár scoil uirlisí digiteacha chun cabhrú le daltaí dul i ngleic leis na dúshláin agus na deacrachtaí a bhíonn acu nuair a bhíonn siad ag foghlaim** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-úsáideann múinteoirí uirlisí digiteacha amhail ionsamhlú, cluichí digiteacha, comhráite ar líne, etc., le foghlaim conas rudaí a fhoghlaim (e.g. conas earráidí a láimhseáil agus a cheartú, dul i ngleic le deacrachtaí, díomá agus strus, tascanna a bhriseadh síos agus am a bhainistiú)	**Úsáidim uirlisí digiteacha chun cabhrú le daltaí foghlaim faoin mbealach le dul i ngleic leis na dúshláin agus na deacrachtaí a bhíonn acu nuair a bhíonn siad ag foghlaim** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-úsáideann tú uirlisí digiteacha amhail ionsamhlú, cluichí digiteacha, etc., leis an mbealach is fearr le rudaí a fhoghlaim a theagasc do do daltaí (e.g. conas earráidí a láimhseáil agus a cheartú, dul i ngleic le deacrachtaí, díomá agus strus, tascanna a bhriseadh síos agus am a bhainistiú)	**Úsáidim uirlisí digiteacha a chabhraíonn liom dul i ngleic leis na dúshláin agus na deacrachtaí a bhíonn agam nuair atá mé ag foghlaim** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-úsáideann tú uirlisí digiteacha amhail ionsamhlú, cluichí digiteacha, etc., ar scoil a chabhraíonn leat foghlaim faoin mbealach is fearr le rudaí a fhoghlaim (e.g. conas earráidí a láimhseáil agus a cheartú, dul i ngleic le deacrachtaí, díomá agus strus, tascanna a bhriseadh síos agus d'am a bhainistiú)

Teideal an ruda	CEANNAIRE SCOILE	MÚINTEOIR	DALTA
An seomra ranga iompaithe	**Cuireann múinteoirí ábhar ar líne ar fáil do dhaltaí inár scoil agus cuirtear ábhair nua i láthair san ábhar sin d'fhonn am ranga a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí idirghníomhacha** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go gcuireann múinteoirí ábhair nua i láthair do dhaltaí ag cur acmhainní ar líne (e.g. físeáin teagaisc ghearra, ionsamhluithe físeáin, téacsanna, podchraoltaí agus taispeántais phraiticiúla) ar fáil dóibh le hullmhú roimh an rang ionas go mbeifear in ann am ranga (i bhfoirgneamh scoile agus/nó ar líne) a chaitheamh ag tabhairt faoin bplé, faoi ghníomhaíochtaí fadhbréitigh, faoi obair thionscadail, etc.	**Cuirim ábhar ar líne ar fáil do daltaí inár scoil agus cuirtear ábhair nua i láthair san ábhar sin d'fhonn am ranga a chaitheamh ar ghníomhaíochtaí idirghníomhacha** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go gcuireann tú ábhair nua i láthair do do dhaltaí trí acmhainní ar líne (e.g. físeán teagaisc gearr, nó faisnéis ábhartha eile agus taispeántais iomadúla den chleachtas i bhfeidhm) a chur ar fáil dóibh le hullmhú roimh an rang ionas go mbeifear in ann am ranga (i bhfoirgneamh scoile agus/nó ar líne) a chaitheamh ag tabhairt faoin bplé, faoi ghníomhaíochtaí fadhbréitigh, faoi obair thionscadail, etc.	**Cuireann ár múinteoirí ábhar ar líne ar fáil dom faoi ábhar nua ionas go mbeidh mé in ann ullmhú roimh an rang agus caithimid am an ranga ar phlé, gníomhaíochtaí fadhbréitigh, obair thionscadail, etc.** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go gcuireann do mhúinteoirí ábhair nua i láthair duit trí acmhainní ar líne, amhail taispeántais ghairide i bhfíseáin, faisnéis ar líne le samplaí, etc., a chur ar fáil duit chun staidéar agus ullmhúchán a dhéanamh roimh an rang ionas go mbeifear in ann am ranga (i bhfoirgneamh scoile agus/nó ar líne) a chaitheamh ag glacadh páirt i ngníomhaíochtaí le do chomhdhaltaí (e.g. plé, obair thionscadail)
Múinteoirí ag foghlaim le fadhbanna teicniúla a réiteach	**Tacaímid le múinteoirí le foghlaim conas bunfhadhbanna teicniúla a réiteach nuair atáthar ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go gcuireann tú deiseanna ar fáil do mhúinteoirí chun foghlaim faoin mbealach le fadhbanna teicniúla coitianta (e.g. fadhbanna nascachta a aithint, córas fuaime nach n-oibríonn i gceart, deacrachtaí ag dul isteach ar Thimpeallachtaí Fíorúla Foghlama) a shainaithint agus iad a réiteach trí cheist a chur ar mhúinteoirí eile, nó ar dhaltaí, nó trí threoracha a aimsíonn siad ar líne a úsáid	**Tacaíonn ár scoil linn le foghlaim conas bunfhadhbanna teicniúla a réiteach nuair atáthar ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go gcuireann do scoil deiseanna ar fáil duit chun foghlaim faoin mbealach le fadhbanna teicniúla coitianta (e.g. fadhbanna nascachta, córas fuaime nach n-oibríonn i gceart, deacrachtaí ag dul isteach ar Thimpeallachtaí Fíorúla Foghlama) a shainaithint agus iad a réiteach trí cheist a chur ar mhúinteoirí eile, nó ar a ndaltaí, nó trí threoracha a aimsíonn siad ar líne a úsáid	

Teideal an ruda	CEANNAIRE SCOILE	MÚINTEOIR	DALTA
"Oiliúint inmheánach| Fadhbanna teicniúla "	**Eagraímid oiliúint inár scoil do mhúinteoirí ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun tacú le foghlaim chumaisc (lena n-áirítear cuir chuige cianfhoghlama, ar líne agus foghlaim chumaisc)** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-eagraíonn do scoil oiliúint do do mhúinteoirí faoin mbealach le bogearraí a úsáid, cuir i gcás ríomhphost, bogearraí físchomhdhála, Timpeallachtaí Fíorúla Foghlama, uirlisí Web 2.0, acmhainní a chruthú ar líne, bogearraí neálbhunaithe	**Eagraímid oiliúint inár scoil do mhúinteoirí ar an teicneolaíocht a úsáidtear chun tacú le foghlaim chumaisc (lena n-áirítear cuir chuige cianfhoghlama, ar líne agus foghlaim chumaisc)** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-eagraíonn do scoil oiliúint do do mhúinteoirí faoin mbealach le bogearraí amhail ríomhphost, bogearraí físchomhdhála, Timpeallachtaí Fíorúla Foghlama, uirlisí Web 2.0, bogearraí neálbhunaithe, a úsáid	
Oiliúint inmheánach| Dúshláin oideolaíochta	**Eagraímid oiliúint inár scoil do mhúinteoirí chun tacú leo díriú ar na gnéithe oideolaíocha den fhoghlaim chumaisc (lena n-áirítear cuir chuige cian, ar líne agus foghlaim chumaisc)** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-eagraíonn do scoil oiliúint do na múinteoirí ina ndírítear ar na dúshláin oideolaíochta a bhaineann leis an gcianteagasc agus leis an gcianfhoghlaim (e.g. conas daltaí a spreagadh le bheith rannpháirteach, cathain agus conas a úsáidtear an teagasc sioncronach agus aisioncronach, an chaoi le tacaíocht a thabhairt do na teaghlaigh agus do na daltaí)	**Eagraímid oiliúint inár scoil do mhúinteoirí chun tacú leo díriú ar na gnéithe oideolaíocha den fhoghlaim chumaisc (lena n-áirítear cuir chuige cian, ar líne agus foghlaim chumaisc)** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-eagraíonn do scoil oiliúint duit ina ndírítear ar na dúshláin oideolaíochta a bhaineann leis an gcianteagasc agus leis an gcianfhoghlaim (e.g. conas daltaí a spreagadh le bheith rannpháirteach, cathain agus conas a úsáidtear an teagasc sioncronach agus aisioncronach, an chaoi le tacaíocht a thabhairt do na teaghlaigh agus do na daltaí)	

Teideal an ruda	CEANNAIRE SCOILE	MÚINTEOIR	DALTA
Comhoibriú i measc na múinteoirí ar acmhainní	**Comhoibríonn na múinteoirí inár scoil chun stór acmhainní ar líne comhroinnte a chruthú** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-oibríonn na múinteoirí i do scoil le chéile chun stór acmhainní ar líne a chruthú	**Comhoibrím inár scoil chun stór acmhainní ar líne comhroinnte a chruthú** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go n-oibríonn tú le do chomhghleacaithe chun stór acmhainní ar líne comhroinnte a chruthú	
Acmhainní a roinnt agus a úsáid arís	**Tá stór acmhainní ar líne inár scoil is féidir leis na múinteoirí a úsáid, a chur leis, a roinnt agus a úsáid arís** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfuil stór acmhainní ar líne i do scoil atá na múinteoirí in ann a úsáid, a chur leis, a roinnt eatarthu agus a úsáid arís dá dteagasc féin	**Tá stór acmhainní ar líne inár scoil is féidir liom a úsáid, a chur leis, a roinnt agus a úsáid arís** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go bhfuil stór acmhainní ar líne i do scoil atá tú in ann a úsáid, a chur leis, a roinnt eadraibh agus a úsáid arís do do theagasc féin	
Fáil múinteora ar bhonneagar	**Cuireann ár scoil bonneagar ar fáil don teagasc (gléasanna digiteacha, nasc idirlín) agus bíonn fáil ag múinteoirí ar an mbonneagar sin nuair a theastaíonn sé uathu** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go dtacaítear le múinteoirí i do scoil leis an trealamh a theastaíonn uathu a fháil trí na rudaí seo a leanas a sholáthar dóibh mar shampla: gléasanna le tabhairt abhaile leo, nasc idirlín thapa, fáil ar áitreabh na scoile agus ar bhonneagar	**Cuireann ár scoil bonneagar ar fáil don teagasc (gléasanna digiteacha, nasc idirlín) agus bíonn fáil agam ar an mbonneagar sin nuair a theastaíonn sé uaim** Ná roghnaigh 5 ach sa chás go measann tú go dtacaíonn do scoil leat an trealamh a theastaíonn uait a fháil trí na rudaí seo a leanas a sholáthar duit mar shampla: gléasanna digiteacha atá ar fáil le tabhairt abhaile leat, nasc idirlín thapa, fáil ar áitreabh na scoile agus ar bhonneagar	